

**Cuid I**  
**FODHLÍTHE GHOBHARNÓIRÍ AGUS CHAOMHNÓIRÍ DHÁNLANN NÁISIÚNTA**  
**NA hÉIREANN**

Arna nglacadh an 11 Feabhra 2010 agus an 1 Aibreán 2010

Ghlac Bord Ghobharnóirí agus Chaomhnóirí Dhánlann Náisiúnta na hÉireann (an 'Bord') na Fodhlíthe seo de bhun Alt XIII den *National Gallery of Ireland Act, 1854* d'fhonn cabhrú leis an mBord gnóthaí Dhánlann Náisiúnta na hÉireann (an 'Dánlann') a bhainistiú.

1. Is Fodhlíthe in ionad gach Fodhlí arna ghlacadh roimhe seo de bhun Alt XIII den *National Gallery of Ireland Act, 1854* na Fodhlíthe seo, agus cealaítear leis seo na Fodhlíthe sin.
2. Déanfaidh an Bord cruinniú a thionól ag áitreabh na Dánlainne nó ag cibé suíomh eile a chinnfidh an Bord sé huaire in aghaidh na bliana ar dhátaí a bheidh le cinneadh ag an mBord roimh ré. Féadfar Cruinnithe eile den Bhord a thionól de réir mar a mheasfaidh an Bord is gá. Féadfaidh an Cathaoirleach nó an Leas-Chathaoirleach cibé cruinnithe eile a thionól agus mura féidir leo déanamh amhlaidh, féadfaidh an Stiúrthóir nó cúigear ar a laghad de chomhaltaí an Bhoird déanamh amhlaidh.
3. Ag an dara Cruinniú den Bhord gach bliain féilire, déanfaidh an Bord duine dá chomhaltaí a thoghadh chun aon fholúntas a líonadh a éireoidh i bpost an Chathaoirligh nó an Leas-Chathaoirligh. Déanfar an toghchán sin de réir na gcéimeanna atá leagtha amach i bhFoscscríbhinn 1 a ghabhann leis an Fodhlíthe seo. Trí bliana a mhairfidh téarma oifige an Chathaoirligh agus féadfaidh aon duine fónamh ar feadh dhá théarma trí bliana i ndiaidh a chéile. Féadfaidh an Bord, in imthosca eisceachtúla, téarma oifige an Chathaoirligh a fhadú ar feadh tréimhse bliana breise agus féadfar an fadú sin a athnuachan in aghaidh na bliana ar feadh dhá bhliain bhreise. Bliain amháin a mhairfidh téarma oifige an Leas-Chathaoirligh agus féadfaidh aon duine fónamh ar feadh trí théarma bliana i ndiaidh a chéile. Ag aon chruinniú den Bhord seachas an dara cruinniú den bhliain féilire, féadfaidh an Bord duine dá chomhaltaí a thoghadh chun aon chorrholúntas a líonadh in oifig an Chathaoirligh nó an Leas-Chathaoirligh agus beidh an duine sin i seilbh oifige go dtí an dara cruinniú den bhliain féilire dar gcionn.

Má bhíonn an Cathaoirleach as láthair ag aon chruinniú, is é nó í an Leas-Chathaoirleach a bheidh ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú. Má bhíonn an Cathaoirleach agus an Leas-Chathaoirleach araon as láthair, déanfaidh na comhaltaí a bheidh i láthair ag an gcruinniú an Cathaoirleach a thoghadh.

Déanfar aon nithe a éiríonn le cinneadh ag aon chruinniú den Bhord a chinneadh le tromlach vótaí, agus i gcás comhionannas vótaí, beidh an dara vóta réitigh ag Cathaoirleach an chruinnithe. Féadfar vótaí a chaitheamh ar thaispeáint lámh.

4. Faoi réir fhoráil chlásal 9 thíos, ní bheidh aon duine nach comhalta den Bhord i láthair ag aon cheann dá chruinnithe mura mbeidh cuireadh tugtha dó nó di le comhaontú na gcomhaltaí a bheidh i láthair.
5. Mar a shonraítear le Reacht, cúigear an córam a bheidh ann do chruinnithe den Bhord chun gnó a dhéanamh, ach ní dhéanfar aon péintéireacht nó saothar ealaíne eile a cheannach don Dánlann gan é a bheith údaraithe le Rún arna rith ag cruinniú ag a mbeidh naonúr comhaltaí ar a laghad i láthair, ar choinníoll go bhféadfaidh an Bord, de réir dlí agus de réir na míre seo, a údarú le Rún go ndéanfaidh an Dánlann ó am go ham, ar thionsnamh an Stiúrthóra, aicmí áirithe péintéireachtaí nó saothair ealaíne eile a cheannach, suas go luach, ar leithligh nó sa chomhiomlán, a chinnfidh an Bord ó am go ham.
6. Féadfaidh an Bord le Rún cibé coistí a bhunú chun cuidiú le feidhmeanna an bhoird a chomhall de réir mar a chinnfidh an Bord. Cinnfidh an Cathaoirleach comhaltas agus cathaoirleacht na gcoistí sin tráth a mbunaithe agus ag gach dara cruinniú den Bhord ina dhiaidh sin gach bliain féilire. Féadfaidh an Bord neamhchomhaltaí den Bhord a bhfuil saineolas nó taithí speisialta acu a cheapadh chuig coistí den sórt sin, ar choinníoll gach tráth gur comhaltaí den Bhord a bheidh i móramh de chomhaltaí an choiste. Féadfaidh an Bord, aon tráth, coiste arna bhunú faoin bhFodhlí seo a dhíscaoileadh le Rún. Gach coiste arna bhunú faoin bhFodhlí seo, déanfaidh sé de réir aon rialacháin a fhorordóidh an Bord i dtaobh a ghnó a sheoladh agus tuairisceoidh sé don Bhord. Aon ní a dhéanfaidh coiste, má fhoráiltear amhlaidh le Rún ón mBord agus faoi réir dlí, beidh éifeacht aige amhail is dá mba é an Bord a rinne é.
7. Faoi réir mar a bheidh beartaithe thairis sin ag na Gobharnóirí agus na Caomhnóirí ó am go ham nó faoi réir mar a ordóidh an Cathaoirleach thairis sin, is tríd an gCathaoirleach a sheolfar cumarsáid fhoirmiúil idir an Bord agus an tAire (de réir mar a mhínítear san Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997).
8. Déanfaidh an Bord a dhualgais agus a fhreagrachtaí a chur i gcrích de réir gach dlí is infheidhme agus de réir an chleachtais rialachais chorparáidigh is fearr, de réir mar is cuí maidir leis an bhForas.
9. Beidh Stiúrthóir ar an nDánlann, arna cheapadh nó arna ceapadh ag an mBord. Beidh an Stiúrthóir i dteideal freastal ar chruinnithe den Bhord agus d'aon choiste arna bhunú faoi Fhodhlí 6 agus labhairt lena linn ach

ní vótálfaidh sé nó sí.

10. Ní comhalta den Bhord a bheidh sa Stiúrthóir. Ní bheidh comhalta den Bhord incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar oifig an Stiúrthóra mura mbeidh sé nó sí tar éis éirí as a shuíochán nó a suíochán ar an mBord roimhe sin.
11. Déanfaidh an Stiúrthóir riarachán agus gnó na Dánlainne a sheoladh agus a bhainistiú, a fhorbairt agus a rialú i gcoitinne, agus cibé feidhmeanna eile a chinnfidh an Bord a chomhlíonadh, de réir beartas agus ordacháin an Bhoird i gcónaí.
12. Féadfaidh an Bord cibé fostaithe eile is cuí leis an mBord a cheapadh. Íocfaidh an Bord le fostaithe na Dánlainne cibé luach saothair agus liúntais a chinnfidh an Bord agus ceapfar na fostaithe ar cibé téarmaí agus coinníollacha eile a chinnfidh an Bord, de réir Rialacháin ón Rialtas i gcónaí.
13. Déanfar séala an Bhoird a fhíordheimhniú le síniú an Chathaoirligh nó le síniú duine éigin eile a bheidh údaraithe go ginearálta nó go speisialta ag an mBord chun gníomhú chun na críche sin. Aon doiciméad a airbheartóidh a bheith forghníomhaithe go cuí faoi shéala an Bhoird, nó a bheith sínithe go cuí thar ceann an Bhoird, glacfar i bhfianaise é agus, mura suítear a mhalairt, measfar é a bheith forghníomhaithe nó sínithe amhlaidh.
14. Ní dhéanfar aon chuid d'fhoirgnimh na Dánlainne a úsáid chun aon chríche eile ach chun na críche a fhorordaítear agus a bheartaítear leis na hAchtanna faoina gcorpraítear an Bord seo agus le haghaidh cibé gníomhaíochtaí foghabhálacha a mheasfaidh an Bord is cuí le Rún ó am go ham.
15. Ní dhéanfar aon Fhodhlí arna ghlacadh ag an mBord a athrú nó a chealú ach amháin le Rún ón mBord. Cuirfear an Rún ar fáil i scríbhinn do chomhaltaí den Bhord lá is fiche roimh an gCruinniú den Bhord.

**Cuid II**  
**FODHLÍTHE DHÁNLANN NÁISIÚNTA NA hÉIREANN**  
**Arna nGlacadh an 9 Deireadh Fómhair 2014**

Tá Gobharnóirí agus Caomhnóirí Dhánlann Náisiúnta na hÉireann (an 'Dánlann'), i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a dhílsítear dóibh le hAlt 14 (agus Alt 61(2)) den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, tar éis na Fodhlíthe seo a leanas a bhaineann le cúram, cothabháil agus cosaint na Dánlainne a ghlacadh.

1. Beidh an Dánlann ar oscailt don phobal gach lá seachas Aoine an Chéasta, Oíche Nollag, Lá Nollag agus Lá Fhéile Stiofáin i rith na n-uaireanta an chloig seo a leanas:
  - a. 9.30am go dtí 5.30pm Dé Luain, Dé Máirt, Dé Céadaoin, Dé hAoine agus Dé Sathairn
  - b. 9.30am go dtí 8.30pm ar an Déardaoin agus
  - c. 11.00am go dtí 5.30pm ar an Domhnach (ón 2/11/2014)Féadfar na huaireanta oscailte sin a athrú go sealadach de réir mar a mheasfaidh bainistíocht na Dánlainne is gá.
2. D'fhonn an bailiúchán agus na taispeántais a chosaint agus ar mhaithe le caoithiúlacht an phobail a bhaineann úsáid as an Dánlann, ní ceadmhach do chuirteoirí na hearraí seo a leanas a iompar agus ní foláir iad a thaisceadh i seomraí éadaigh na Dánlainne: (a) Scáthanna fearthainne, (b) Cásanna/málaí móra más coibhéiseach, (c) Málaí droma.
3. Is láthair gan cead caite tobac í an Dánlann.
4. Ní ceadmhach bia agus deochanna a thomhailt sa Dánlann ach amháin sa Bhialann agus sa Chaifé / sna Caiféanna agus ag ócáidí arna gceadú ag an Dánlann.
5. Beartas maidir le Grianghrafadóireacht Phoiblí:
  - a) Ceadaíonn Dánlann Náisiúnta na hÉireann grianghrafadóireacht socair agus scannánaíocht físe le haghaidh úsáid (neamhthráchtála) phearsanta sna háiléir phoiblí ach amháin i limistéir speisialta taispeántais nó in áiteanna ina dtoirmiscear go sonrath an céanna.
  - b) Ceadaítear grianghrafadóireacht a dhéanamh ar ghnéithe ailtireachta laistigh agus lasmuigh d'fhoirgneamh Dhánlann Náisiúnta na hÉireann.
  - c) Ní ceadmhach grianghrafadóireacht a dhéanamh le splanc nó le ceamara tríchosach nó ceamara ar sheastán aonair ná soilsiú forlíontach scannánaíochta a úsáid.
  - d) Ní ceadmhach grianghrafadóireacht a dhéanamh ar shaothair atá faoi chóipcheart nó ar iasacht agus marcáiltear é sin go soiléir ar lipéid taispeántais.
  - e) Ó am go ham, bíonn scannánaíocht nó grianghrafadóireacht ar siúl sa Dánlann. Más mian leis an bhfoireann nó le daoine den phobal gan a bheith páirteach, déanaigí, le bhur dtoil, aon limistéar ina bhfuil criúnna ceamara/grianghrafadóireachta le feiceáil a sheachaint.
6. Le linn duit a bheith sa Dánlann:
  - (a) ní foláir do thuismitheoir nó caomhnóir a bheith i dteannta leanaí gach tráth.
  - (b) Ní ceadmhach do chuirteoirí tadhall a dhéanamh le saothair ealaíne ná taispeántais.

(c) Ní ceadmhach do chuairoteoirí earraí d'aon chineál a dhíol, a thairiscint nó a thaisealbhadh / a thaispeáint.

(d) Iarrtar ar chuairoteoirí gan labhairt ar fheistí soghluaiste agus iad a chur ina dtost fad a bheidh siad in áitreabh na Dánlainne.

(e) Ní foláir do chuairoteoirí a bheith cúirtéiseach agus measúil le foireann na Dánlainne agus le cuairteoirí eile in áitreabh na Dánlainne.

8. Tá sé d'oibleagáid ar chuairoteoirí ar an Dánlann déanamh de réir gach ordachán nó treoir a thabharfaidh comhalta d'fhoireann na Dánlainne. Tharlódh go ndiúltófaí cead isteach d'aon chuairoteoir a mheasfaidh foireann na Dánlainne a bheith á iompar nó a hiompar féin ar shlí a sháraíonn na Fodhlíthe seo.
9. Ba chóir aon mhaoin chailte a aimseoidh duine sa Dánlann a thabhairt do chomhalta d'fhoireann na Dánlainne nó don Deasc Eolais. Déileálfar le gach maoin chailte de réir *Beartas um Maoin Chailte* na Dánlainne.
10. Glacfaidh an Dánlann gach beart réasúnach chun a chinntiú nach mbainfidh díobháil nó damáiste do chuairoteoir ná dá maoin. Is ar a bpríacal féin go hiomlán, áfach, a úsáideann cuairteoirí áitreabh agus saoráidí na Dánlainne agus ní ghlacann an Dánlann dliteanas i leith aon chailteanas nó damáiste, cibé ní faoi deara é.
11. Féadfaidh cuairteoir gearán a dhéanamh trí: teagmháil a dhéanamh le comhalta de na Seirbhísí do Chuairteoirí, le ríomhphost: [visitorservices@ngi.ie](mailto:visitorservices@ngi.ie), nó trí chárta tráchta de chuid na Dánlainne a chomhlánú.
12. Féadfaidh an Bord, ó am go ham, socrú a dhéanamh maidir le táillí agus muirir i leith dul isteach chuig aon taispeántas speisialta nó ócáid eile a thionólfar sa Dánlann.

## **Foscúbhinn 1**

### **Téarmaí an Rúin ón mBord**

'Na Céimeanna chun Cathaoirleach ar an mBord a Thoghadh' le háireamh sna Fodhlíthe:

### **NA CÉIMEANNA CHUN CATHAOIRLEACH AR AN mBORD A THOGHADH Arna gcomhaontú an 9 Nollaig 2010, Arna nglacadh mar chuid de na Fodhlíthe an 6 Meitheamh 2011**

1. Ainmneacha sínithe iomaitheoirí, moltóirí agus cuiditheoirí le seoladh chuig an gCeann Comhairimh (le hainmniú) 21 lá roimh chruinniú \*Aibreáin agus na sonraí le scaipeadh láithreach ar gach comhalta den bhord. Ní fhéadfaidh moltóirí agus cuiditheoirí ach tacú le hiarrthóir amháin.
2. An Cathaoirleach a bheidh ag dul as oifig a bheidh i gceannas ar chruinniú

mhí Aibreáin mura rud é gur iomaitheoir é/í. Sa chás sin, beidh an Leas-Chathaoirleach, nó aon chomhalta eile a chomhaontófar, i gceannas nuair a dhéileálfar leis an mír sin den Chlár.

3. An Lá Toghcháin, is é sin an chéad mhír a bheidh ar an gClár. Fanfaidh na hiomaitheoirí as láthair go dtí go nglaofar ar ais chuig an gcruinniú iad in ord aibítire agus déanfaidh siadan bord a aitheasc ansin ar feadh tréimhse nach faide ná 10 nóiméad, glacfaidh siad ceisteanna agus imeoidh siad arís. Tar éis cuir i láthair a bheith déanta, tiocfaidh na hiomaitheoirí ar ais chuig an gcruinniú agus glacfaidh siad páirt i mballóid rúnda ar pháipéir bhallóide réamhchlóite.

4. I gcás nach bhfaighidh aon iarrthóir 50% de na vótaí, déanfar an duine ag a bhfuil an líon is lú vótaí a chur as an áireamh agus déanfaidh na comhaltaí vótáil (agus leanfaidh siad de vótáil a dhéanamh) ar na hiarrthóirí a bheidh fágtha go dtí go mbainfear 50% amach. Déanfar aon vóta cothrom a chinneadh le ballóid rúnda.

5. Dhéanfaidh an Ceann Comhairimh, arna fhianú ag an gCathaoirleach, na vótaí a chomhaireamh agus na torthaí a chur in iúl don bhord i ngach cás.

\*NB. Deirtear san Fodhlíthe: " Ag an dara Cruinniú den Bhord gach bliain féilire, déanfaidh an Bord duine dá chomhaltaí a thoghadh chun aon fholúntas a líonadh a éireoidh i bpost an Chathaoirligh nó an Leas-Chathaoirligh. Trí bliana a mhairfidh téarma oifige an chathaoirligh etc...".